Beatha Teanga

Seirbhísí Seachtracha sa Scoil

Roinnt spreagcheisteanna: **Seirbhísí Seachtracha sa Scoil**

Cén tionchar a bhíonn ag seirbhísí seachtracha ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cén fhís atá ag an scoil d'imeachtaí iarscoile agus an Ghaeilge?

An mbíonn imeachtaí scoile teoranta d'imeachtaí i nGaeilge agus do sholáthar siamsaíochta i nGaeilge amháin?

Cad iad na dúshláin atá ann ó thaobh seirbhísí seachtracha a úsáid i nGaeilge?

Cad is féidir a dhéanamh le linn imeachtaí scoile chun an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh nó seirbhís a chur ar fáil ó sholáthróir sheachtrach?

Cén teanga atá in uachtar ag daltaí le linn do sheirbhísí seachtracha a bheith sa scoil? Agus cén fáth?

Cad iad na seirbhísí seachtracha is mó a chuirfidh le húsáid na teanga i measc na bpáistí?

Roinnt spreagsmaointe: **Seirbhísí Seachtracha sa Scoil**

1

Iarrfar ar chuairteoirí atá ag cur seirbhísí ar fáil don scoil, iad a chur ar fáil trí Ghaeilge, mar shampla, seirbhísí fiaclóireachta, altranais, teiripe urlabhra, srl.

2

Tabharfar tús áite i gcónaí do dhaoine atá in ann seirbhísí sásúla trí Ghaeilge a chur ar fáil.

3

Iarrfar ar aon chuairteoir a labhraíonn leis na daltaí, é seo a dhéanamh i nGaeilge (seachas má bhaineann sé le curaclam an Bhéarla agus i gcásanna eisceachtúla a cheadaíonn an Bord Bainistíochta).



4

Is í nGaeilge a dhéanfar searmanais eaglasta ar a bhfreastalaíonn na daltaí mar chuid den scoil, de réir mar is cuí.

5

Moltar clár/plean a chur le chéile d'imeachtaí a bheidh chun leasa na Gaeilge.

6

Má chuirtear clubanna obair bhaile nó iarscoile ar fáil, go mbeidh Gaeilge ag na daoine atá ag obair ann agus mar pholasaí acu Gaeilge amháin a labhairt.

7

Imeachtaí rialta a chuireann béim ar an gcaint shóisialta – drámaíocht, díospóireachtaí, féilte Oireachtais, féilte scoildrámaíochta, ceoil srl.

Nod don eolach!
Cuireann Gaeloideachas deontas tacaíochta ar fáil do scoileanna chun imeachtaí a reáchtáil i gcomhar lena chéile. Tá gach eolas ar fáil faoin scéim Le Chéile Trí Ghaeilge ar www.gaeloideachas.ie

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.